

## Ráiteas Scríofa Ráth Chairn

<b>Lonnaíocht</b>	<b>Ráth Chairn</b>
An Suíomh san Ordlathas Lonnaíochta	Sráidbhaile – a dhéanann freastal ar cheantar beag tuaithe; a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla agus ina bhfuil roinnt fiontair bheaga thuaithe i roinnt de na sráidbhailte sin.
An Suíomh sa Straitéis Miondíola	Ionad miondíola leibhéal 5
Daonra (bunaithe ar staitisticí Logeolaire)	133 duine <sup>1</sup>
Aonaid Thiomnaithe Tithíochta (Níl siad tógtha go fóill)	Aonaid thiomnaithe ar bith
Liúntas Teaghlaigh (Croístraitéis)	40 Aonad
Oideachas	Tá scoil náisiúnta agus meánscoil araon sa sráidbhaile.
Áiseanna Pobail	Ionad Pobail agus Clubtheach (An Bradán Feasa), leabharlann, séipéal agus faiche peile.
Suíomhanna Natura 2000	Níl aon suíomhanna Natura 2000 i ngar don sráidbhaile. Tá SAC agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe lonnaithe thart ar 2km siar ó dheas ón sráidbhaile.
Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte	Ní theastaíonn aon MSRT. Beartais um Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte ón CDP a chur i bhfeidhm.

### Sprioc

Forbairt an tsráidbhaile a chur chun cinn ar bhealach a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn a shainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha, agus a dhéanann soláthar d'fhorbairt a chuirfidh ar chumas Ráth Chairn chun áit a fhorbairt ar bhealach inmharthana atá ina áit mhealltach le cónaí agus le hoibriú ann agus áit a mheallann daoine chun sult a bhaint as caitheamh aimsire ann agus chun cuairt a thabhairt air, agus le sainiúlacht Gaeltachta na háite a léiriú.

### 01 Comhthéacs an tsráidbhaile

Tá Ráth Chairn lonnaithe i lár Chontae na Mí i dToghcheantar Cheanannais. Tá an áit ar cheann den dá cheantar Gaeltachta atá sa chontae, is é Baile Ghib an Gaeltacht eile. Tá Ráth Chairn lonnaithe feadh líonra cúng bóthar áitiúil (L-40022) idir an R154 (Bóthar Réigiúnach Bhaile Átha Buí/Bhaile Átha Troim) agus an N51 (Bóthar Bhaile Átha Buí/na hUaimhe) agus thart ar 3½km lastoir de Bhaile Átha Buí.

Cuireann an chreatlach reachtúil um úsáid talún le haghaidh Ráth Chairn forbairt an tsráidbhaile amach anseo chun cinn ar bhealach comhordaithe, pleanáilte agus inmharthana d'fhonn a shainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha a chosaint agus forbairt a sholáthar, i gcomhthráth, atá inmharthana ó thaobh cúrsaí fisiciúla, geilleagracha agus sóisialta de. I measc na gcuspóirí tá timpeallacht a thógáil, atá mealltach agus sainiúil i dtaobh cúrsaí fisiciúla de, mar shráidbhaile Gaeltachta dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i Ráth Chairn, anuas ar bheith mealltach do chuairteoirí.

<sup>1</sup> 46 aonad cónaithe iolraithe ag an meánmhéid teaghlaigh le haghaidh Chontae na Mí (2.9 duine) de réir Dhaonáireamh 2011.

Saináithnítear Ráth Chairn laistigh de ghrúpáil 'na bPríomhshráidbhailte' in ordlathas lonnaithe an Phlean Forbartha Contae. Is gnách go mbíonn na sráidbhailte siúd lonnaithe in áiteanna níos faide amuigh ó bhailte nó ó ionaid mhóra agus is gnách go mbíonn feidhm thábhachtach acu chun seirbhísí a sholáthar do na daonraí áitiúla tuaithe agus do na daonraí sna sráidbhailte máguaird. Go bunúsach, oibríonn siad faoi mar a bheadh ionaid seirbhísí tuaithe ann; tá feidhm rithábhachtach acu chun pobail tuaithe a choimeád.

Tacófar le forbairt na sráidbhailte sin amach anseo mar phríomhionaid áitiúla do sheirbhísí agus d'fhorbairt fiontair áitiúil agus ní mheasfar go mbeidh gá le haon bhorradh, seachas é sin a fhreastalaíonn ar riachtanais áitiúla nó aon bhorradh a chruthódh patrúin neamh-inmharthana chomaitéireachta.

D'fhonn an fhís do Bhaile Ghib a fhíorú, saináithníodh straitéisí do na limistéir a leanas: oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha, úsáid talún, gluaiseacht agus rochtain agus oidhreacht nádúrtha agus thógtha. Cuireann beartais agus cuspóirí leis na straitéisí seo agus déantar cur síos orthu siúd sna míreanna níos faide ar aghaidh.

### Cuspóirí Fairsinge

- Maireachtáil agus cur chun cinn leanúnach na Gaeilge a chinntiú mar theanga labhartha an phobail Ghaeltachta.
- Cosaint agus cur chun cinn gach gné d'fhéiniúlacht chultúrtha na Gaeltachta a éascú.
- Forbairt a chur chun cinn a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha Ráth Chairn.
- Áineas agus spásanna oscailte a sholáthar ag láithreacha oiriúnacha straitéiseacha a ndéanfaí dearadh ardchaighdeán orthu agus a chuireann rannpháirtíocht an phobail chun cinn.
- A chinntiú go soláthraítear an tithíocht, na háiseanna tráchtála, pobail agus oideachais oiriúnacha chun freastal ar an lucht cónaithe reatha agus amach anseo agus ar bhealach a chothaíonn an teanga agus an cultúr.
- Creatlach dhaingean um dhearadh uirbeach a sholáthar a chuireann sainiúlacht Ghaeltachta an tsráidbhaile in iúl.

## 02 Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

Uisce: Is ó Scéim Soláthair Uisce Bhaile Átha Buí a thagann an soláthar uisce. Níl fáil faoi láthair ach ar chumas teoranta an tsoláthair. Níl aon phleananna ann chun an soláthar seo a uasghrádú/a mhéadú i láthair na huair. Ba cheart go gcruthódh coigiltí uisce, a rinneadh trí bhearta caomhnaithe uisce méid áirithe breise de sholáthar uisce.

Fuíolluisce: Déanann Córas Cóireála Fuíolluisce Bhaile Átha Buí freastal ar Ráth Chairn. Tugadh faoi oibreacha uasghrádaithe le déanaí ar an gcóras seo in 2010. Áiríodh leis na hoibreacha uasghrádaithe ceithre stáisiún caidéalaithe salachair nua a thógáil i Ráth Chairn chun freastal ar an sráidbhaile agus chun nasc a dhéanamh le líonra séarachais Bhaile Átha Buí. Is ionann cumas nua ICF Bhaile Átha Buí agus 5,800 P.E. Choimeád an scéim 600 P.E. le haghaidh Ráth Chairn.

## 03 Úsáid Talún

Is úsáid seirbhíse áitiúla agus fostaíochta, oideachais agus cónaithe atá i gceist leis an bpríomhúsáid talún i Ráth Chairn. Tugtar breac-chuntas orthu seo i Mír 2.0, 3.0 agus 4.0, faoi seach. Is éard atá i gceist leis an bpríomhúsáid talún thart ar an sráidbhaile agus máguaird ná talún a úsáid ar mhaithe le cuspóirí talmhaíochta.

Ba cheart go leanfadh an sráidbhaile ag freastal ar riachtanais shóisialta agus phobail an daonra reatha agus amach anseo, mar aon le lár inaitheanta agus infheicthe a chruthú don sráidbhaile.

Éascóidh na tailte a sainaitníodh le haghaidh úsáid pobail laisteas den mheánscoil úsáidí féideartha a bhaineann le hoideachas, agus éascóidh na tailte laisteas den bhunscoil fairsingiú féideartha úsáid bhreise pobail.

Tá sé beartaithe go mbeidh cuspóir um chríosú úsáid talún F1 le haghaidh áineas chaitheamh aimsire in aice an tséipéil leis na húsáidí reatha talún a léiriú agus chun áineas an limistéir seo a chosaint. Tá Cuspóir nua um Chríosú Úsáid Talún F1 beartaithe lastuaidh den sráidbhaile chun feabhas a chur ar áineas chaitheamh aimsire an tsráidbhaile. Tá sé tugtha faoi deara gur deonaíodh cead pleanála chun an úsáid bheartaithe seo a éascú.

Tá sé de chuspóir ag an straitéis um úsáid talún do Ráth Chairn *'forbairt shainiúil cónaithe atá tiomanta chun ardchálíocht a bhaint amach agus na háiseanna riachtanacha tráchtála agus pobail'* a sholáthar. Tá trí chríos ar leith cuimsithe i léarscáil na gcuspóirí um chríosú úsáid talún don sráidbhaile agus ina measc tá:

- 1) Lár an tsráidbhaile agus úsáid pobail,
- 2) An bhunscoil agus an bhraisle chónaithe agus,
- 3) Na tailte tionsclaíocha lastuaidh den sráidbhaile atá suite lasmuigh de lár an tsráidbhaile.

Tá sé beartaithe gur forbairt ísealdlúis a bheidh san fhorbairt cónaithe amach anseo i Ráth Chairn d'fhonn rogha inmharthana a sholáthar ar thithíocht aonuaire agus chun saintréithe foriomlána tuaithe an cheantair a choimeád. Tá sé beartaithe gur féidir le borradh teacht ar na ceantair seo amach anseo d'fhonn úsáid inmharthana talún seirbhísithe a chinntiú.

## 04 Forbairt Cónaithe

Lorgaíonn na príomhbheartais daonra a chinntiú gur féidir leis an daonra reatha leanúint bheith faoi bhláth agus bheith mar phobal cultúrtha sainiúil. Ba cheart do chónaitheoirí nua bheith réidh le ceangal a dhéanamh le cultúr labhartha na Gaeilge le cosaint na teanga agus an chultúir sa cheantar a chinntiú.

Tá úsáid cónaithe lonnaithe laistigh agus i ngar do theorainn forbartha an tsráidbhaile. Is éard atá iontu seo, go príomha, ná háiteanna cónaithe stairiúla de chuid Choimisiún na Talún agus tithe aonuaire a tógadh níos déanaí i bhfoirm forbairt ribíneach agus braislí beaga cul de sac. Níorbh ann d'aon mhórfhorbairt cónaithe sa sráidbhaile le blianta beaga anuas, seachas áiteanna cónaithe aonair ar shuíomhanna a bhí á rialú ag Comharchumann Ráth Chairn.

Soláthraíonn Croistraitéis an Phlean Forbartha Contae (Dá dtagraíonn tábla 2.4) leithdháileadh tithíochta 40 aonad do Ráth Chairn thar an tréimhse 2013-2019. Shainithin léarscáil na gcuspóirí um chríosú úsáid talún na tailte a theastaíonn chun spás a thabhairt do na 40 aonad a fhoráiltear faoin gCroistraitéis. Lean seo tabhairt faoi scrúdú ar na tailte a sainaitníodh roimhe seo le haghaidh úsáid talamh chónaithe i bPlean Ceantair Áitiúil Ráth Chairn 2009 agus a bhfuil fáil orthu go fóill lena bhforbairt. Eascraíonn an chuid is mó de na tailte a sainaitníodh le haghaidh úsáid talamh chónaithe ón measúnú seo tar éis an cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm ó lár an tsráidbhaile maidir le Máistirphlean Ráth Chairn, a réitíodh mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil 2009. Thug seo faoi fhorbairt a dhíriú idir an dá scoil agus breis forbairt tráchtála a chur chun cinn ag an acomhal trasna ó Áras Pobail Ráth Chairn/Áras Uí Ghramhnaigh.

Cuirtear Máistirphlean Ráth Chairn i láthair i Mír 8.0. Plean táscach, amháin, atá sa Máistirphlean, a forbraíodh mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil Ráth Chairn (2009), agus tá sé in ainm is treoir a thabhairt maidir le dearadh i dtaobh foirm thógtha agus leagan amach an tsráidbhaile. Cé nach bhfuil méid agus cineál na gcuspóirí um chríosú úsáid talún comhsheasmhach a thuilleadh leo siúd a chuimsítear i bPlean Ceantair Áitiúil 2009 don

Sráidbhaile, ar forbraíodh an Máistirphlean dó, is mór is fiú an chreatlach um dhearadh uirbeach a choimeád don sráidbhaile. Leanfaidh an Máistirphlean tascach le treoir a thabhairt maidir le tograí bainistíochta forbartha sa sráidbhaile ar feadh shaolré an Phlean Forbartha Contae. Ba cheart breithniú a dhéanamh air seo i gcomhar le léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún, arb í seo an chreatlach reachtúil um úsáid talún don sráidbhaile.

Shainaithin an tÚdarás Pleanála 6.7 heicteár de thalamh le haghaidh cuspóirí cónaithe a áiríonn limistéar (1.54 heicteár) in aice na forbartha cónaithe ag Comharchumann Ráth Chairn. Theipfeadh ar 20 aonad caighdeánaithe a chur i bhfeidhm sa heicteár aird a choimeád ar an dearadh coiteann atá le sonrú laistigh den cheantar Gaeltachta. Ba cheart go mbeadh forbairt ísealdlúis i gceist le forbairt cónaithe amach anseo agus go mbeidh aird ag an bhforbairt sin ar fhoirm agus ar stíleanna na bhfoirgneamh traidisiúnta sa cheantar. Tá forbairt ísealdlúis cónaithe beartaithe d'fhonn rogha inmharthana a sholáthar ar thithíocht aonuaire agus chun saintréithe foriomlána tuaithe an cheantair a choimeád. Chabhraigh an Máistirphlean beartaithe don sráidbhaile le limistéir le haghaidh forbairt cónaithe a roghnú i léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún, agus tugadh faoi deara go gcuimseodh na suíomhanna beartaithe d'áiseanna lár an tsráidbhaile forbairt cónaithe chomh maith. Beidh sé ina cheanglas ag aon iarratas ar fhorbairt cónaithe a bhaineann le tailte, chun comhsheasmhacht a léiriú leis an Máistirphlean don sráidbhaile, de réir mar a bhaineann sé leis na suíomhanna sin. Sainaithnítear na tailte eile go léir mar Chéim II agus níl sé beartaithe scaoileadh leo laistigh de shaolré an Phlean Forbartha Contae seo.

Beidh limistéir nua chónaithe in aice chroílár an tsráidbhaile faoi réir ráitis shonracha dearaidh. Ba cheart na háiteanna cónaithe seo a dhearadh i bhfoirm bhraislí, ina bhfuil ailínithe éagsúla foirgnimh, ina bhfuil cumraíocht bhinne agus chomhthreomhar d'fhoirmeacha simplí tógála. Tá sé beartaithe sa Ráiteas Scríofa seo go bhforbrófaí na limistéir seo, i dtosach báire, i leith ísealdlúis cónaithe. Más gá, mar gheall ar éileamh, agus má chuirtear an bonneagar ar fáil, cuirfear diansaothrú na suíomhanna seo chun cinn. Déanfar seo d'fhonn úsáid inmharthana na suíomhanna seirbhísithe a chur chun cinn agus chun pobal beoga agus inmharthana a chruthú.

## **05 Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondíola**

Sainaithnítear Ráth Chairn mar ionad miondíola Leibhéal 5 in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá réimse beag seirbhísí miondíola ann, ina measc, go príomha, siopa áitiúil áise, agus bhainfeadh an sráidbhaile tairbhe as réimse agus éagsúlacht níos fearr de na háiseanna sin a bheith ann. Ar a shon sin, mar gheall go bhfuil an sráidbhaile i ngar don Uaimh agus do Bhaile Átha Buí, leanann seo ag cur in aghaidh áiseanna a mhealladh chuig an sráidbhaile, seachas iad siúd a theastaíonn chun freastal ar bhunriachtanais an tsráidbhaile agus an cheantair thuaithe.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tráchtála laistigh den sráidbhaile tá eastát tionsclaíoch Údarás na Gaeltachta lastuaidh den sráidbhaile. Soláthraíonn an fhorbairt seo fostaíocht luachmhar sa sráidbhaile agus cuireann sí leis an ngeilleagar áitiúil. Lorgaíonn an Chreatlach Forbartha seo le soláthar a dhéanamh do dhiansaothrú an limistéir thionsclaíoch do ghnólachtaí beaga a chuireann leis an úsáid reatha thionsclaíoch. Cruthaítear fostaíocht trí obair a bhaineann leis na tionscnaimh Ghaeilge agus chultúrtha, lena n-áirítear scoileanna foghlama/samhraidh Ghaeilge, agus gníomhaíochtaí gaolmhara turasóireachta, ar nós ceol, damhsa agus féilte Gaelacha agus siúlóidí etc.

## **06 Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte**

Tá an úsáid pobail i Ráth Chairn lonnaithe go lárnach agus ina measc tá an t-ionad pobail agus an clubtheach (An Bradán Feasa), an leabharlann, agus an faiche peile CLG. Tá an bhunscoil (Scoil Uí Ghramhnaigh) lonnaithe ag an mbealach isteach ó dheas chuig an sráidbhaile/ó Bhóthar Bhaile Átha Troim, agus tá an mheánscoil (Coláiste Pobail Ráth Chairn) lonnaithe idir lár an tsráidbhaile agus an limistéar tionsclaíoch. Faoi láthair níl ach limistéar áineasa poiblí amháin ann i lár an tsráidbhaile in aice an tséipéil.

De réir mar a thiocfaidh forbairt ar Ráth Chairn, ba cheart feabhas a chur ar na háiseanna reatha pobail agus caitheamh aimsire chun freastal ar riachtanais an daonra reatha agus amach anseo. Ina theannta sin, tá sé de chumas ag áiseanna oideachais agus gaolmhara agus ag úsáid chomhlántach pobail fostaíocht áitiúil a mhúscailt.

## 07 Dearadh Uirbeach

Tá Ráth Chairn tagtha chun cinn mar lonnaithe mheánmhéide. Tháinig forbairt ar an sráidbhaile sna 1930idí agus b'áiteanna cónaithe aonuaire de chuid Choimisiún na Talún a bhí i gceist leis an bhforbairt seo. Tá na háiteanna cónaithe seo ina ngnéithe saintréitheacha agus sainiúla den cheantar Gaeltachta.

Tá creatlach scaipthe thógtha i sráidbhaile Ráth Chairn agus tá saintréithe tuaithe na háite á gcoimeád ann, agus sonraítear braislí forbartha ag an limistéar reatha tionsclaíoch lastuaidh den sráidbhaile, i gcoirlár an tsráidbhaile agus ag an mbunscoil.


Tá na trí limistéar shainiúla ar leith a leanas suite i Ráth Chairn:

### 7.1 Limistéar Saintréithe 1 Lár an tSráidbhaile

Is éard atá sa limistéir saintréithe seo úsáid pobail agus lár an tsráidbhaile.

#### Anailís Uirbeach

- Líne dhearfach thógála, arna cruthú tríd an ómós áite a chruthaigh halla an phobail.
- Acomhal/ailiniú bóthair baolach ag halla an phobail.
- Ábhair mhealltacha teorainn chloiche a fhad leis an Séipéal agus spás oscailte.
- Ábhair neamh-chomhordaithe theorann a fhad leis an eastát cul de sac laistiar den sráidbhaile.
- Ábhair éagsúla agus mhealltacha theorann a fhad leis an cul de sac laisteas den sráidbhaile.
- Struchtúr sainiúil crosaire.
- Dromchlaí fairsinge limistéar páirceála.
- Drochthimpeallacht do choisithe sa limistéar cónaithe in aice na faiche peile CLG agus a sholáthraíonn rochtain ar an bhfaiche.
- Drochbhonneagar do choisithe ar an iomlán.
- Ómós dearfach áite a bhaineann le húsáid pobail.




## 7.2 Limistéar Saintréithe 2 An Bhunscoil agus Braisle Chónaithe

Tá an limistéar saintréithe seo lonnaithe ag an mbealach isteach theas chuig an sráidbhaile ag an aomhal le Bóthar Bhaile Átha Troim. Is éard atá mar shaintréithe dá chuid ná an bhunscoil agus braisle chónaithe agus radhairc i gcéin siar ar lár an tsráidbhaile agus an limistéar thionsclaíoch ó thuaidh.

### Anailís Uirbeach

- Ábhair dhearfacha theorann ag an scoil agus ag an bhforbairt cónaithe ina haice, lena n-áirítear balla agus fála.
- Dea-naisc do choisithe le lár an tsráidbhaile lastuaidh agus laistear den bhóthar áitiúil.
- Lagábhair theorann laistear den bhóthar áitiúil a dhéanann nasc le lár an tsráidbhaile. Radhairc mhealltacha siar ar bhraislí cónaithe in aice lár an tsráidbhaile.
- Droch-cháilíocht an tírdhreacha/droch-chomhcheangal idir an fhorbairt tuaithe agus uirbeach ó thuaidh i dtreo an limistéir thionsclaíoch.



### Legend

#### Urban Analysis


-  Building Frontage
-  Attractive Boundary / Edge
-  Poor or Weak Boundary / Edge
-  Landmark Building / Structure
-  Panoramic View
-  Mature Tree / Tree Group
-  Public Open Space
-  Low Grade Uses
-  Node / Gateway

### 7.3 Limistéar Saintréithe 3 Limistéar Tionsclaíoch

Tá an limistéar saintréithe seo lonnaithe lastuaidh den sráidbhaile. Déanann an limistéar seo an bealach isteach ó thuaidh chuig an sráidbhaile, feadh Bhóthar Dhún Doire/Bhaile Átha Bui a thabhairt chun suntais.

Cruthaíonn an limistéar drochíomhá den sráidbhaile.

- Is í forbairt thionsclaíoch is mó atá i gceist leis an áineas amhairc agus cruthaíonn sí cuma dhiúltach amhairc.
- Lagábhair theorann/ábhair theorann ar a bhfuil drochbhail ag teacht lastuaidh agus laistear den bhóthar áitiúil. Teorainn dhrochshainithe a fhad leis an limistéar tionsclaíoch.
- Beagán áiseanna do choisithe.



### Legend

#### Urban Analysis

-  Building Frontage
-  Attractive Boundary / Edge
-  Poor or Weak Boundary / Edge
-  Landmark Building / Structure
-  Panoramic View
-  Mature Tree / Tree Group
-  Public Open Space
-  Low Grade Uses
-  Node / Gateway

## 7.4 Saintréitheacht Foirgneamh

Ba cheart go mbeadh foirgnimh nua laistigh de lár an tsráidbhaile agus na limistéir bheartaithe chónaithe i bhfoirm agus ar scála a léiríonn fhoirgnimh Ráth Chairn.

Ba cheart go mbeadh áiteanna cónaithe scoite, go príomha, i gceist leis an bhforbairt cónaithe. Ba cheart go mbeadh áiteanna cónaithe scoite sna suíomhanna inlíonta a choimeádann rochtain agus a chaomhnaíonn radhairc tríothu chun naisc amhairc a chosaint leis an gcúltúr thuaithe.

## 08 Oidhreacht

### 8.1 Oidhreacht Chultúrtha

Sainíodh Ráth Chairn mar Ghaeltacht sna 1930idí nuair a chuir imircigh ó Ghaillimh fúthu sa cheantar. Tharla an imirce chuig Gaeltacht Ráth Chairn mar thoradh ar obair Choimisiún Talún na hÉireann chun cúngú feadh Chósta an Atlantaigh a laghdú. Ní raibh fáil ar dhóthain talún agus níor oir sé do na limistéir seo a bhí cúngaithe agus bhí fáil ní ba mhó ar eastáit oiriúnacha in oirthear na hÉireann. I 1935, athlonnaíodh daichead teaghlach ó Ghaillimh chuig áit ar a dtugtar anois sráidbhaile Ráth Chairn. Caomhnaíodh féiniúlacht na Gaeltachta go mór mhór, agus baintear tairbhe as a láthair thuaithe, as méid an phobail agus as tionscnaimh fostaíochta agus phobail a fhorbairt a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn Gaeilge agus cultúr an cheantair.

### 8.2 Oidhreacht Nádúrtha

Tá Abhainn Bhaile Átha Buí lonnaithe thart ar 2km siar ó dheas ón sráidbhaile. Cruthaíonn an abhainn seo cuid de líonra SAC agus SPA Natura 2000 na Bóinne agus na hAbhann Duibhe a ghabhann ar fud an chontae.

Tá Ráth Chairn lonnaithe laistigh d'Ísealchríocha Iarthar na hUaimhe, faoi mar a shainnítear i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Phlean Forbartha na Mí 2007-2013. Is réidh don tírdhreach seo mórthimpeall an tsráidbhaile, agus éiríonn sé aníos laistean den sráidbhaile. Níl an chuid is mó de na bealaí a fhad leis an sráidbhaile dea-shainithe, agus tá línte tógála agus fála scean drochshainithe le sonrú laistigh den sráidbhaile. Is éard atá sa tírdhreach mórthimpeall Ráth Chairn coillearnach mheasctha agus fáschoillte buaircíneacha agus féarach mheasctha níos gairbhe mar aon le limistéir ina bhfuil coillearnach scaipthe.

I measc na bpríomh-mholtaí a sainníodh laistigh den Mheasúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha agus a bhaineann le Ráth Chairn tá cur chun cinn na Gaeltachta timpeall Ráth Chairn mar acmhainn chultúrtha agus chun naisc le ceantair Ghaeltachta eile, Baile Ghib san áireamh, a chur chun cinn.

Tá sé mar chuspóir ag an straitéis a chinntiú go bhforbraítear imeall glas mórthimpeall limistéir thógtha Ráth Chairn agus go dtugtar tús áite do thograí tírdhreachaithe maidir le tionchar amhairc forbartha nua.

### 8.3 Oidhreacht Thógtha

Ní shainníonn Plean Forbartha Contae 2013-2019 aon struchtúr atá faoi chosaint laistigh de shráidbhaile Ráth Chairn. Forbraíodh an sráidbhaile laistigh de thrí limistéar ar leith. Ina measc seo tá limistéar tionsclaíoch lastuaidh den sráidbhaile, lár an tsráidbhaile agus na forbairtí gaolmhara cul de sac agus an bhunscoil agus braisle chónaithe ag aomhal Bhóthar Bhaile Átha Troim.

Is dlúth do lár an tsráidbhaile i dtaobh foirme de, agus cruthaíonn seo ómós áite. Tá an chuid eile den sráidbhaile scaipthe agus níl soiléire ná struchtúr le sonrú ar an iomlán, ach tá saintréithe tuaithe á gcaomhnú ag an sráidbhaile, ar an iomlán.



Spreagtar léirmhíniú comhaimseartha den stíl áitiúil tógála agus leas á bhaint as ábhar agus teicneolaíocht nua-aimseartha. Cabhróidh seo le féiniúlacht ar leith a chruthú do Ráth Chairn a eascraíonn ó thraidisiúin áitiúla.

## 09 Gluaiseacht agus Rochtain


Tá sráidbhaile Ráth Chairn lonnaithe i ngar do chórais náisiúnta agus réigiúnacha bhóithre (an N51 agus an R154). Is é an líonra bóithre áitiúla agus cul de sacanna a thugann an sráidbhaile chun suntais.

Tá nach mór limistéar tógtha iomlán Ráth Chairn cuimsithe laistigh de bhanda siúil 400 méadar ó lár an tsráidbhaile agus tá ann seo úsáid pobail, oideachais agus cónaithe. Tá an t-eastát tionsclaíoch suite laistigh de gha banda siúil 800 méadar. Tá droch-thréscaoilteacht le sonrú, áfach, idir an limistéar tionsclaíoch agus lár an tsráidbhaile, agus méadaíonn seo an fad siúil idir lár an tsráidbhaile agus na limistéir thionsclaíocha. Is beag áis atá laistigh den sráidbhaile do choisithe. Páirceáiltear gluaisteáin, den chuid is mó, ar bhealach neamhrialta feadh na bpríomhbhóithre, agus cuireann seo bac ar ghluaiseacht feithiclí agus coisithe laistigh den cheantar.

Déanann iompar poiblí drochfhreastal ar Ráth Chairn faoi láthair. Tá na naisc iompair poiblí is cóngaraí leis an sráidbhaile lonnaithe ag Baile Átha Buí agus ag an Uaimh, agus déanann seirbhísí bus poiblí freastal orthu seo. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun seirbhísí príobháideacha tointeála bus chuig Baile Átha Buí nó chuig an Uaimh a fhorbairt, áiteanna a bhfuil rochtain níos mó ar sheirbhísí iompair poiblí.

## 10 Máistirphlean

Máistirphlean Tásach





## Beartais

### Beartais Straitéiseacha

Léirítear Máistirphlean Ráth Chairn ar an leathanach roimhe seo. Léiríonn an Máistirphlean sráideanna agus spásanna nua, foirmeacha oiriúnacha d'fhoirgnimh agus tograí tirdhreacha. Plean táscach, amháin, atá sa mháistirphlean agus tá sé in ainm is treoir a thabhairt maidir le dearadh i dtaobh foirm thógtha agus leagan amach an tsráidbhaile. Ba cheart breithniú a dhéanamh air seo i gcomhar le léarscáil na gcuspoirí um chriosú úsáid talún, arb í seo an chreatlach reachtúil um úsáid talún don tsráidbhaile.

## Beartais

### Beartais Straitéiseacha

<b>BS 1</b>	A chinntiú go ndireofar borradh agus forbairt Ráth Chairn ar fhreastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus go mbeidh sí ar aon dul le saintréithe, áiseanna, oidhreacht agus tirdhreach reatha an tsráidbhaile.
<b>BS 2</b>	Ord Tosaíochta a oibriú maidir le tailte cónaithe a scaoileadh i gcomhréir le ceanglais CUS CS 6 a leanas den Phlean Forbartha Contae: <ul style="list-style-type: none"> <li>i) Comhfhreagraíonn na tailte a shaináithnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún "Cónaithe Nua" A2 do riachtanais Thábla 2.4, Leithdháileadh Tithíochta agus Riachtanais Talún Criosaithe in Imleabhar I den Phlean Forbartha Contae seo agus tá fáil orthu le haghaidh forbairt cónaithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo.</li> <li>ii) Níl fáil ar na tailte a shaináithnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún "Cónaithe Nua" A2 ach a cháilítear amhail "Céim Chónaithe II (I ndiaidh 2019)" le haghaidh forbairt cónaithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo.</li> </ul>

### Féiniúlacht na Gaeltachta

<b>BEA GAEL 1</b>	Córas éifeachtach a phleanáil inar féidir gnéithe de thimpeallacht na Gaeltachta a mheasúnú agus a chosaint mar chuid den phróiseas pleanála, lena n-áirítear coinníollacha teanga a úsáid.
<b>BEA GAEL 2</b>	Stíleanna ailtireachta a spreagadh a chuireann leis an traidisiún áitiúil, ar nós 'theach Choimisiún na Talún' agus bhraisle Chónaithe an Chlachain. Spreagtar na traidisiúin dhúchasacha a léiriú go comhaimseartha.
<b>BEA GAEL 3</b>	Soláthar comharthaíochta i nGaeilge sa Ghaeltacht a chur chun cinn agus aird ar an méid a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Comharthaí ag pointí iontrála agus fágála an tsráidbhaile ar a bhfuil sonraí minithe ar thábhacht chultúrtha na gceantar seo do chuartheoirí.</li> <li>• Gach comharthaíocht tráchtála a sholáthar i nGaeilge.</li> </ul> I gcomhar leis na grúpaí ábhartha gairmiúla agus gairmoideachais, go bhfuil comharthaí de chuid ceantálaithe agus comharthaí eile sealadacha i nGaeilge.

### Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

<b>BEA SUF 1</b>	Nascadh áiteanna cónaithe a éascú a bhfuil córais umair sheiptigh á n-oibriú acu faoi láthair le haon chóras nua séarachais phoiblí.
------------------	--

**BEA SUF 2**

Soláthar leordhóthanach uisce do Ráth Chairn a éascú.

## Riosca Tuile

<b>BEA RT</b>	Riosca tuile agus forbairt i Ráth Chairn a bhainistiú ar aon dul le beartais SF 29-SF 36 a chuimsítear in Imleabhar I den Phlean Forbartha Contae seo.
---------------	--

## Forbairt Cónaithe

<b>BEA FC 1</b>	A chinntiú go bhfuil dóthain daoine sa daonra cónaithe le sainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha an cheantair a chosaint.
-----------------	---

<b>BEA FC 2</b>	A aithint go bhféadfadh forbairtí nua cónaithe díobháil a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus do stádas na Gaeilge agus chun a dtionchar a laghdú/a chosc.
-----------------	--

## Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondíola

<b>BEA TGM 1</b>	Forbairt na fostaíochta agus an fhiontair a spreagadh laistigh den sráidbhaile a chothaíonn an teanga agus an cultúr.
------------------	---

<b>BEA TGM 2</b>	A aithint go bhféadfadh forbairtí nua tráchtála díobháil a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus do stádas na Gaeilge agus chun a dtionchar a laghdú/a chosc.
------------------	---

<b>BEA TGM 3</b>	Beidh an tÚdarás Pleanála go ginearálta, agus faoi réir fhorálacha an Phlean Forbartha, dea-mhéineach i leith iarratas ar fhorbairtí geilleagracha den saghas a leanas:
------------------	---

- Acmhainní múinte teanga.
- Áiseanna caitheamh aimsire trí Ghaeilge.
- Ionaid phobail a thacaíonn le húsáid na Gaeilge.
- Áiseanna oideachais, e.g. tríú leibhéal etc.
- Turasóireacht atá bunaithe ar an teanga agus ar an gcultúr.
- Oifigí Gaeltachta ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge don phobal Gaeltachta.
- Gnó atá bunaithe ar an teanga, e.g. seirbhísí aistriúcháin/cumarsáide.

<b>BEA TGM 4</b>	Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí oiriúnacha eile chun úsáidí inmharthana agus geilleagracha bunaithe ar an nGaeilge a fhorbairt i gceantar na Gaeltachta.
------------------	--

<b>BEA TGM 5</b>	Comhdhlúthú an limistéir reatha thionsclaíoch a sholáthar.
------------------	--

<b>BEA TGM 6</b>	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inmharthana úsáidí tionsclaíocha agus gaolmhara agus do dheiseanna fostaíochta a chruthú laistigh de shráidbhaile Ráth Chairn.
------------------	--

<b>BEA TGM 7</b>	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt seirbhísí agus d'áiseanna nua laistigh de lár an tsráidbhaile, lena n-áirítear úsáid miondíola, tráchtála agus oifige ar mhionscála a chruthaíonn lár/fócas inaitheanta an tsráidbhaile.
------------------	--

## Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte

<b>BEA ÁP 1</b>	Tacú le heagraíochtaí pobail maidir le seirbhísí a sheachadadh a chosnaíonn agus a chuireann teanga shainiúil agus traidisiúin chultúrtha an cheantair chun cinn.
<b>BEA ÁP 2</b>	Feabhsú fhoirgneamh halla reatha an phobail a chur chun cinn i gcroílár an tsráidbhaile.

<b>BEA ÁP 3</b>	Soláthar a dhéanamh d'fhairsingiú bhunscoil Ráth Chairn agus na limistéar súgartha lena mbaineann agus úsáidí comhlántacha pobail.
-----------------	--

<b>BEA ÁP 4</b>	Soláthar a dhéanamh d'úsáid bhreise oidieachais, lena n-áirítear úsáid tríú leibhéal a bhaineann leis an meánscoil agus in aice na meánscoile mar aon le húsáid chomhlántach.
-----------------	---

<b>BEA ÁP 5</b>	Forbairt spáis sa sráidbhaile a chur chun cinn i gcroílár an tsráidbhaile le feabhsúcháin timpeallachta a chuimsiú.
-----------------	---

<b>BEA ÁP 6</b>	Forbairt páirce poiblí mealltaí agus inrochtana a chur chun cinn a bhfuil radharc uirthi ar mhaithe le cuspóirí conláiste amhairc agus caitheamh aimsire, lastuaidh den sráidbhaile.
-----------------	--

<b>BEA ÁP 7</b>	Na suíomhanna oiriúnacha a shainaitheint laistigh de shráidbhaile Ráth Chairn chun áis athchúrsála 'Fág Anseo' a sholáthar.
-----------------	---

### Dearadh Uirbeach

<b>BEA DU 1</b>	Aird a bheith ar an Máistirphlean do Ráth Chairn a chuimsítear i Mír 10 den Ráiteas Scríofa seo i ndearadh agus i measúnú a dhéanamh ar thograí bainistíochta forbartha a thugtar ar aghaidh le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae ar thailte a shainaitheantar le haghaidh cuspóirí um chriosú úsáid talún amháin.
-----------------	--

<b>BEA DU 2</b>	Forbairt tithe scoite teaghlaigh a chur chun cinn a léiríonn foirm thraidisiúnta thógtha áiteanna cónaithe Choimisiún na Talún, ina bhfuil stór go leith ar thailte criosaithe A2.
-----------------	--

<b>BEA DU 3</b>	<p>Na Caighdeáin Deartha a sholáthraítear thíos a chomhlíonadh i measúnú a dhéanamh ar gach iarratas pleanála ar chead pleanála laistigh d'imchlúdach forbartha Ráth Chairn:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Forbairt cónaithe inlíonta a chur chun cinn in aice na limistéar reatha forbartha cónaithe a léiríonn meas ar scála agus ar mhórdhlúthú áiteanna cónaithe cóngaracha.</li><li>• Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt tithe scoite teaghlaigh ar dlús 6 aonad sa heicteár (2.5 aonad san acra) nó de réir mar is cuí ar shuíomhanna inlíonta (tailte criosaithe A2).</li><li>• Soláthar a dhéanamh do dhiansaothrú suíomhanna cónaithe amach anseo i limistéir bhraisle chónaithe nuair a bhíonn fáil ar an mbonneagar.</li><li>• Ba cheart go léireodh Ráitis Dearaidh le haghaidh tailte braisle an fhéidearthacht go dtarlódh diansaothrú san fhadtéarma.</li><li>• Airde mhéadaithe foirgneamh a cheadú, sa chás gur cuí, amhail a léirítear trí ráiteas um dhearadh uirbeach.</li></ul>
-----------------	---

- Áiteanna cónaithe a spreagadh atá ar scála a léiríonn toisí coiteanna tithe de thraidisiún Choimisiún na Talún sa 20ú haois.
- Forbairt foirgnimh dhá stór a chur chun cinn ag lár an tsráidbhaile chun gné imfhálaithe agus féiniúlachta a chruthú.
- Forbairt áiteanna cónaithe ilstóracha ísle a chur chun cinn, idir stór amháin agus stór go leith ar na tailte críosaithe cónaithe eile.
- Forbairt i lár an tsráidbhaile a spreagadh, a dhéanann soláthar do líne leanúnach thógála agus d'éadanas gníomhach sráide laistigh de chroílár an tsráidbhaile ar thailte a críosáíodh d'úsáid lár an tsráidbhaile.
- Forbairt líne leanúnach teorainn tosaigh a spreagadh ina gcuirtear fálta dúchasacha/ina dtógtar ballaí saoirseacht cloiche/cloiche i limistéir inlíonta agus bhraislithe thithíochta.

### Oidhreacht

**BEA OID** Feabhsú na n-ábhar reatha teorann lastuaidh den sráidbhaile a chur chun cinn, áit ar tharla forbairtí nua agus áit a bhfuil an teorainn bainte anuas agus neamhleanúnach.

### Gluaiseacht agus Rochtain

**BEA GR 1** Forbairt naisc phoiblí/phríobháideacha bhus le bailte cóngaracha a éascú. Agus chun pointí bailithe agus fágála a fhorbairt do bhusanna laistigh de chroílár an tsráidbhaile.

**BEA GR 2** Ba cheart carrpháirceáil laistigh den limistéar tionsclaíoch a sholáthar amach ón tsráid agus a chuimsiú laistigh den suíomh forbartha tionsclaíche mar chuid d'aon tograí forbartha amach anseo.

**BEA GR 3** Ba cheart carrpháirceáil ar thailte críosaithe nua lár an tsráidbhaile a sholáthar i spásanna comhthreomhara carrpháirceála feadh an phríomhbhóthair agus laistigh den suíomh ar chúl na bhfoirgneamh a bheartaítear.

### Teileachumarsáid

**BEA CUM** Chun ríomhchuimsiú a chur chun cinn go gníomhach i Ráth Chairn tríd an bpróiseas pleanála agus trí thacú le straitéisí chun teaghlaigh ag a bhfuil ioncain níos ísle a spreagadh agus a chur ar a gcumas fáil a bheith acu ar bhonneagar nua-aimseartha leathanbhanda.

## Cuspóirí

### Féiniúlacht na Gaeltachta

**CUS FG 1** A cheangal go dtugtar faoi 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula ndéantar breithniú ar aon iarratas ar thithíocht (forbairtí singil agus ilfhorbairtí tithíochta) sa cheantar. Ceanglófar ar an staidéar sin, trí thagairt dá chúlra teangeolaíoch d'úsáideoirí nó d'áititheoirí beartaithe, nó trína ghaol a shainnithint le cuspóirí forbartha teangeolaíche nó cultúrtha grúpaí a bhíonn ag plé le forbairt limistéir Ghaeltachta nó atá freagrach as forbairt limistéir Ghaeltachta, foráil a dhéanamh go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail.

**CUS FG 2** Ceanglófar ar fhorbairtí nua ráiteas deartha a leagan amach a chuirfear ar aghaidh i gcuideachta iarratais phleanála ina dtugtar breac-chuntas ar conas a chuireann an fhorbairt le féiniúlacht Ghaeltachta ar leith a chruthú.

### Úsáid Talún

**CUS ÚT 1** Soláthar a dhéanamh do thithe scoite teaghlaigh ar thailte criosaithe cónaithe laisteas den sráidbhaile agus soir ó dheas den sráidbhaile.

**CUS ÚT 2** Chun sráideanna nua/lánaí rochtana a fhorbairt laistigh de limistéir forbartha nua i gceathrúna thoir thuaidh agus thiar theas de chroílár an tsráidbhaile, le naisc le bóithre reatha áitiúla, agus naisc le húsáid talún ina aice sin.

**CUS ÚT 3** Rochtain d'fheithiclí a sholáthar ar thailte laistiar den bhóthar áitiúil thuaidh/theas a nascann croílár an tsráidbhaile le taobh ó thuaidh an tsráidbhaile agus lastoir den cul de sac ó dheas, chun forbairt fhéideartha amach anseo a éascú.

### Forbairt Cónaithe

**CUS FC** Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag forbairt nua cónaithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas pleanála ar fhorbairt cónaithe, idir fhorbairtí singil agus ilfhorbairtí tithíochta, faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus lucht bainistíochta Údarás na Gaeltachta lena dtuairim a thabhairt orthu agus cuirfear na tuairimí seo san áireamh, agus léireofar a gcuirfear san áireamh, agus cinntí á ndéanamh i ngach iarratas pleanála den sórt sin.

### Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondíola

**CUS TGM 1** A cheangal go dtugtar faoi 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula ndéantar breithniú ar aon iarratas ar fhorbairt tráchtála sa cheantar. Ceanglófar ar an staidéar sin, trí thagairt dá chúlra teangeolaíoch d'úsáideoirí nó d'áititheoirí beartaithe, nó trína ghaol a shainnithint le cuspóirí forbartha teangeolaíche nó cultúrtha grúpaí a bhíonn ag plé le forbairt limistéir Ghaeltachta nó atá freagrach as forbairt limistéir Ghaeltachta, foráil a dhéanamh go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail.

**CUS TGM 2** Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt oiriúnach teanga agus d'fhorbairt atá bunaithe ar an gcultúr laistigh de na criosanna oiriúnacha úsáid talún laistigh den sráidbhaile.

**CUS TGM 3** Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag úsáid/forbairtí nua tráchtála ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas



pleanála ar fhorbairtí tráchtála faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus lucht bainistíochta Údarás na Gaeltachta lena dtuairim a thabhairt orthu agus cuirfear na tuairimí seo san áireamh, agus léireofar a gcuirfear san áireamh, agus cinntí á ndéanamh i ngach iarratas pleanála den sórt sin.

### Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte

**CUS ÁP 1** Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt áiseanna pobail agus caitheamh aimsire ar thailte i gcroílár an tsráidbhaile agus ar thailte atá in aice na bunscoile agus na meánscoile atá teangalárnach agus cultúrlárnach.

**CUS ÁP 2** Forbairt spáis sa sráidbhaile a chur chun cinn i gcroílár an tsráidbhaile le feabhsúcháin timpeallachta a chuimsiú.

**CUS ÁP 3** Cosán leanúnach a fhorbairt ó lár an tsráidbhaile chuig an eastát tionsclaíoch ó thuaidh ón sráidbhaile agus chuig an meánscoil agus na limistéir chónaithe ó dheas.

### Oidhreacht

**CUS OID** Aird a bheith ar fhiúntas bithéagsúlachta na gcrann agus na bhfálta sceach ratha agus tabhairt faoi na gnéithe sin a choimeád i gceantair ar dócha go ndéanfar iad a fhorbairt.